



An Bhruiséil, 23 Samhain 2018
(OR. en)

14282/18

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0375(COD)

CODEC 2004
CLIMA 217
ENER 380

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Rialachán (CE) 663/2009, Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2009/119/CE ón gComhairle, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, Treoir 2013/30/AE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013, (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite¹, atá bunaithe ar Airteagal 194(2) CFAE agus ar Airteagal 192(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle ar an 1 Nollaig.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 26 Aibreán 2017².
3. Ar an 13 Iúil 2017, thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh³.

¹ 15090/16.

² IO C 246, 28.7.2017, lch. 34.

³ IO C 342, 12.10.2017, lch. 111.

4. Ar an 13 Samhain 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis⁴.
5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:
- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 55/18 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;
 - a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

I ndiaidh d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle an gníomh reachtach a shíniú, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁴ 14025/18.